




An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Scéim na Siúlóidí



Meán Fómhair 2023

Siúlóid Chósta Eachraí, Co. Shligigh



Paradise Hill, Co. Luimnigh

Réamhrá


Seoladh Scéim na Siúlóidí in 2008 agus tá sé dírithe ar talún príobháideacha, sealbhóirí. Baineann sé le forbairt, feabhas agus cothabháil cosán forbartha atá faoifa ag Spórt Faoin Aer Éireann agus atá liostaithe i gClár na gCosán Náisiúnta. Tá an scéim seo á reáchtáil faoi láthair ag leibhéal áitiúil ag 20 Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFA) ar son na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) (liostaithe in Aguisín 2).

Cuireann an Roinn ranníocaíocht mhaoinithe ar fáil d'Oifigigh Áineasa Tuaithe (OAT) i ngach ceann de na CFA seo, le ranníocaíocht á cur ar fáil ag Fáilte Éireann chomh maith. Cabhraíonn an tOAT le soláthar na scéime agus tacaíonn siad le tionscnaíochtaí áineasa tuaithe eile ag leibhéal áitiúil.

Foilsíodh athbhreithniú ar Scéim na Siúlóidí i Mí Mheán Fómhair 2021 agus cuireadh roinnt moltaí i bhfeidhm maidir le forbairt sa todhchaí agus riarachán na scéime.

Ba cheart tabhairt faoi deara chomh maith nach mbíonn an scéim ar fáil ach amháin nuair a aontaíonn na húinéirí talún príobháideacha/sealbhóirí talún le téarmaí na scéime.

¹ Ainmnítear Cuideachtaí Forbartha Áitiúla mar a dtagraítear dóibh faoi Alt 128f (1)(d) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014) mar iarratasóirí incháilithe don Scéim seo.



Cosán Ceann na gCaorach, Co. Chorcaí

Achoimre ar an Scéim

1. Tugtar “Scéim na Siúlóidí” ar an scéim.
2. Tá an scéim dírithe ar sealbhóirí talún príobháideacha, a d’fhéadfadh comhoibriú le coiste áitiúil bainistíochta cosáin, agus a dhéantar “rannpháirtithe na scéime” díobh chomh luath agus a ghlacann an RFTP leo ar an scéim, agus chomh luath agus a ghlacann siad le téarmaí na scéime agus a oibríonn siad leis an CFA agus an tOAT áitiúil chomh maith.
3. Tá an scéim seo á reáchtáil faoi láthair ag 20 CFA ar son an RFTP. D’fhéadfadh go mbeadh CFA sa bhreis ag teastáil ó fhorbairt níos faide na scéime chun an scéim a riar.
4. Is é rannpháirtí na scéime an sealbhóir talún a bhfuil seilbh agus úsáid eisiach aige ar an talamh atá i gceist mar mhalairt ar íocaíocht shonraithe ar ghlacadh le téarmaí na scéime ar chonair cheadaithe.
5. I gcás go bhfuil talamh i seilbh faoi léas, beidh an rannpháirtí scéime an t-úinéir talún nó an léasóir ach ní an dá cheann. Cá léasaítear an talamh agus sa chás go bhfuil an talamh i seilbh an léasóra arfeadh a tréimhse is faide ná aon mhí dhéag, is é rannpháirtí na scéime an léasshealbhóir, agus dearbhóidh an léas-shealbhóir go bhfuil sé i dteidealé sin a dhéanamh faoin léas agus slánaíocht a shíniú chuige sin. Cá tá léas ag an léasóir ar feadh aon mhí dhéag nó níos lú den scéim is é an rannpháirtí an t-úinéir talún a dhearbhóidh é sin mar an gcéanna tá sé i dteideal é sin a dhéanamh faoin léas agus slánaíocht a shíniú an éifeacht sin. I gcás go bhfuil an léas aon mhí dhéag nó níos lú agus an Ní bhaineann an t-úinéir talún leas as an scéim, rannpháirtí na scéime féadfaidh sé bheith ina shealbhóir léasa.
6. Aontaíonn rannpháirtithe na scéime cur isteach ar chomhaontú chun an scéim a sholáthar ar feadh tréimhse 5 bliana, agus íocfar iad as a n-obair fhorbartha, fheabhais agus chothabhála mar a leagadh amach sa “Phlean Oibre” lenar aontaigh siad.
7. Socróidh an CFA dréacht plean oibre leis na rannpháirtithe bunaithe ar chritéir Spórt Faoin Aer Éireann le haghaidh cosán forbartha agus socróidh siad na hábhair chomh maith leis na huaireanta atá ag teastáil chun an obair a dhéanamh.

In aguisín 1, tá treoir le haghaidh na gcaighdeán bunúsach atá ag teastáil chun cabhrú le dréachtú phleananna oibre na

rannpháirtithe ar fáil. Socróidh an plean oibre méid na n-uaireanta oibre atá ag teastáil ón rannpháirtí, astu siúd a gheobhaidh siad “Íocaíocht Rannpháirtithe”. Déanfaidh Spórt Faoin Aer Éireann athbhreithniú ar na pleannanna oibre, agus beidh faomhadh deiridh ag an RFTP ar phleananna oibre na rannpháirtithe.

8. Ní mór fógra sé mhí a thabhairt sula féidir le rannpháirtí na scéime éirí as an scéim. D’fhéadfadh go mbeadh gá le bealach a athrú nó deireadh a chur leis thar am, agus tabharfar fógra sé mhí don rannpháirtí ar athrú dá leithéid. Coimeádfaidh an Roinn an ceart aici féin éirí as an scéim i gcúinsí dá leithéid.
9. Nuair atá cearta ag beirt nó níos mó ar thalamh agus nuair atá roinnt iarratais ar oibreacha le daoine a bhfuil suim acu sa talamh seo, cuirfear an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm.
 - i). Socrófar plean oibre amháin don talamh ar a bhfuil cearta ag beirt nó níos mó air, de réir forálacha na scéime.
 - ii). Roinnfear na huairteanta oibre a ainmníodh de réir mar is cuí don talamh ar a bhfuil cearta ag beirt nó níos mó air go cothrom i measc na ndaoine a bhfuil suim acu sa talamh agus a chuir iarratas isteach.
 - iii). Beidh an CFA freagrach as scéala a chur chuig gach iarratasóir faoi mhéid na n-uaireanta oibre astu siúd a gheobhaidh siad íocaíocht, agus as an obair a roinnt i measc na rannpháirtithe.



Cruinniú Mullaigh Cheathrú an Tuathail, Co. Chiarraí

Iarratais ar Rannpháirtíocht sa Scéim

10. Osclóidh an Scéim do chosáin nua trí ghairm ar Léiriú Spéise. Eiseoidh an Roinn gairm nuair atá foráil airgeadais ar fáil chun tacú le cosáin nua.
11. Le bheith incháilithe mar chosán Scéim na Siúlóidí -
 - ▶ Ní mór d'fhad iomlán an chosáin a bheith cinnte
 - ▶ Ní mór don chosán a bheith ar fáil don phobal
 - ▶ Ní mór don chosán a bheith liostaithe i gClár na gCosán Náisiúnta a chuireann Spórt Faoin Aer Éireann ar fáil.
 - ▶ Ní mór comhaontú soiléir a bheith ann (i scríbhinn) ó na sealbhóirí talún ar fad ina dhearbhaíonn siad go bhfuil siad sásta rochtain a thabhairt d'úsáideoirí áineasa agus go bhfuil siad sásta páirt a ghlacadh sa scéim.
 - ▶ Ní mór go mbeadh rannpháirtíocht leathan le pobail agus le heagraíochtaí bainistíochta conaire. Tá sé riachtanach go bhforbrófar aon léiriú spéise bunaithe ar theagmháil dhíreach leis na heagraíochtaí bainistíochta conairí ábhartha, grúpa pobail, údarás áitiúil agus sealbhóirí talún. Beidh fianaise de seo ag teastáil.
12. Déanfar measúnú ar na cosáin ansin bunaithe ar thábhacht straitéiseach, ullmhacht, raon geografach srl.
13. Pléifidh an CFA le hobair riaracháin agus chomhordaithe na scéime do gach rannpháirtí.
14. Tar éis faomhadh an chosáin ar an scéim, forbróidh an CFA pleananna oibre le haghaidh gach cuid den chosán.
15. Chomh luath agus a ghlacann an RFTP leis na pleananna oibre seo, síneoidh an CFA agus rannpháirtí na scéime conradh.



Baile Uí Bheoláin, Loch Deirgeirt, Co. An Chláir

Árachas/Slánaíocht

16. Tá liosta de na cosáin ar fad atá faofa ar Scéim na Siúlóidí ar fáil i gClár na gCosán Náisiúnta, agus dá bhrí sin, tá siad clúdaithe ag polasaí dlíteanas poiblí a bhainistíonn Spórt Faoin Aer Éireann. Tabharfaidh an polasaí árachais seo clúdach dlíteanas poiblí d'fheirmeoirí/úinéirí talún/sealbhóirí talún atá páirteach i Scéim na Siúlóidí.
17. Beidh cosáin na scéime ag brath ar iniúchadh tréimhsiúil Spórt Faoin Aer Éireann le cinntiú go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach.
18. Leasaigh an tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Foráilreacha Ilghnéitheacha) 2022 an tAcht um Dhlíteanas Áititheoirí (1995). Athfhreastalaíonn na leasuithe seo ar dhualgas cúraim na n-úinéirí talún agus na n-áititheoirí ar dhaoine a thagann isteach ar chnoic, talamh feirme nó áitribh eile ar son úinéirí talún agus áititheoirí. Tugann sé seo cosaint níos fearr d'úinéirí talún, idir phríobháideacha agus phoiblí, agus ba cheart dó gealltanas a thabhairt d'úinéirí talún agus spreagadh a thabhairt dóibh siúd, a bhfuil gníomhaíocht áineasa ar siúl ar a dtalamh, leanúint ar aghaidh ag éascú na rochtana seo.

Is iad príomhathruithe an Achta mar seo a leanas:

- ▶ Laghdaíodh an dualgas cúraim níos airde do chuairoteoirí, a chuireann daoine a íocann táille iontrála nó a thugtar cuireadh dóibh dul isteach ar an réadmhaoin san áireamh.
- ▶ Tá teorainn nua maidir leis na cúinsí inar féidir leis an gcúirt dlíteanas a chur ar úinéir talún nuair a thagann duine isteach ar an réadmhaoin le coir a dhéanamh ar intinn acu.
- ▶ Maidir le dualgas an úinéara talún cúram réasúnta a thabhairt chun cothabháil a dhéanamh ar struchtúr in úsáid ag úsáideoirí áineasa, breathnófar ar chúinsí an cháis ar fad as seo amach. Laghdaíonn sé seo dualgas cúraim na n-úinéirí talún a bhíodh ard.
- ▶ Ceadaíonn alt nua 5A san Acht réimse níos leithne cás ina léirítear gur ghlac duine riosca go deonach, a d'fhéadfadh go mbeadh dochar mar thoradh air. Daingníonn sé seo prionsabal seanbhunaithe sa reachtaíocht gur cheart do dhaoine a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí áineasa faoin aer freagracht a ghlacadh dá gcuid gníomhaíochtaí agus dá gcuid sábháilteachta.



Gleann Bearú, Sliabh Bladhma, Co. Laoise

Íocaíocht

19. Riarfaidh an CFA na híocaíochtaí ar fad.
20. Déanfar íocaíochtaí na rannpháirtithe le haghaidh obair chothabhála/fheabhais/fhorbartha gach 6 mhí. Nuair a ghlacann siad páirt sa scéim, gheobhaidh na rannpháirtithe 50 faoin gcéad d'íocaíocht fhaofa bhliantúil an rannpháirtithe roimh ré, leis an bhfuilleach á íoc 6 mhí ina dhiaidh sin.
21. Áireofar íocaíocht rannpháirtí na scéime bunaithe ar mhéid na n-uaireanta a bhí aontaithe in aghaidh na bliana mar a shonraítear sa phlean oibre. Íoctar é seo faoi ráta “féinoibre” na Roinne Talmhaíochta agus Bia. Is é uasmhéid na n-uaireanta in aghaidh na bliana agus in aghaidh na rannpháirtithe ná 200 uair an chloig in aghaidh an chosáin. Mura leor é seo, is feidir leis an CFA obair sa bhreis a dhéanamh tríd an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) agus scéimeanna eile dá leithéid, le réamh-aontú an sealbhóra. D'fhéadfadh go n-athrófaí é seo, i gcás ilúinéireachta talún.
22. Cinnteoidh an CFA, tríd an tOAT, go gcríochnófar an obair ar chaighdeán sásúil ar bhonn tréimshiúil.
23. Is féidir le gach rannpháirtí scéime, a cheadaíonn úsáid a gcuid talún, cuid de nó an obair ar fad a dhéanamh iad féin, nó is féidir leo cead a thabhairt do dhaoine eile, ar nós an SST nó eile (conraitheoir, grúpa pobail áitiúil srl.) an obair a dhéanamh.
24. Sa chás nach feidir le rannpháirtí na scéime an-chuid obair fheabhais/fhorbartha a dhéanamh, is feidir leis an t-úinéir talún cead a thabhairt do rannpháirtithe SST/eile (conraitheoir/grúpa pobail áitiúil srl.) an obair seo a dhéanamh.
25. De réir na scéime, ní bhfaighfidh rannpháirtithe íocaíocht ach amháin as na huaireanta oibre a dhéanann iad féin, mar a bhí aontaithe sa phlean oibre, agus ní bhfaighfidh siad íocaíocht as an obair a dhéanann daoine nó comhlachtaí eile.
26. Soláthróidh an RFTP maoiniú de €100 in aghaidh an phlean oibre mar ‘Bhuiséad Ábhair’ don CFA chun gnáthchaiteachas a cheannach ar ábhar riachtanach, mar ghaineamh, gairbhéal, sreang, stáplaí, geataí srl. chun an cosán a chothabháil.



Bealach Urumhan, Co. Thiobraid Árann

Aguisín 1

Treoir Chothabhála na gCosán Siúlóide

Tá sé mar sprioc ag an treoir seo a leanas a bheith mar threoir ag Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFA), coistí áitiúla bainistíochta cosáin agus feirmeoirí/úinéirí talún, chun pleananna oibre cothabhála cosáin a ullmhú.

Cuirfidh an CFA pleananna oibre le chéile i ndiaidh cuairt suímh/measúnú cothabhála a dhéanamh le rannpháirtithe na scéime agus ba cheart dóibh na tascanna ar fad a bhí aontaithe, minicíocht agus tréimhse na bliana inar cheart an obair a dhéanamh a chur san áireamh.

Ba cheart do na pleananna oibre a bheith seasmhach agus níor cheart ach an obair seo a leanas a chur san áireamh:

- ➔ Obair atá riachtanach agus a chuirfidh le caighdeán agus inbhuanaitheacht iomlán an bhealaigh shiúlóide/an chosáin.
- ➔ Obair a shocraigh an talún príobháideacha, atá páirteach sa scéim a dhéanamh.
- ➔ Chun oidhreacht nádúrtha agus fiadhúlra an tsuímh a chur san áireamh, tá comhairle éiceolaíoch chuí ag teastáil go luath sa phróiseas forbartha, feabhais agus cothabhála de chosán ar bith atá maoinithe faoin scéim seo. Cinnteoidh sé seo go bhfuil bithéagsúlacht faoi chosaint agus go dtuigtear riachtanas dlíthiúil measúnaithe comhshaoil roimh chead (de réir mar is cuí) go soiléir.

Mar shampla, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi na rudaí seo a leanas:

- ▶ An bhfuil an suíomh laistigh de limistéar Eorpach nó náisiúnta (mar shampla, Limistéar Speisialta Caomhnaithe, Limistéar Speisialta Cosanta nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha)?
- ▶ An ndearnadh na measúnuithe comhshaoil cuí?
- ▶ Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (MC) agus MC, (más gá).
- ▶ Scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus MTT, (más gá).
- ▶ An bhfuarthas na ceadanna cearta (mar shampla, cead pleanála nó cead gníomhaíochtaí a dhéanamh i suíomh

ainmnithe)?

- ▶ Céard iad na gnáthóga leochaileacha éiceolaíocha nó na speicis sa suíomh?
- ▶ An moltar Measúnacht Tionchair Éiceolaíoch mar gheall ar leochaileacht éiceolaíoch an tsuímh?
- ▶ An bhfuil plean cothabhála cuí i bhfeidhm ina bhfuil bearta chun bithéagsúlacht a chosaint nó a fheabhsú (dé réir mar is cuí), agus cé atá freagrach as an bplean seo?
- ▶ An mbeidh cosaint na bithéagsúlachta san áireamh i bplean monatóireachta ar bith?

Beidh cosáin na scéime ag brath ar iniúchadh tréimhsiúil Spórt Faoin Aer Éireann le cinntiú go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

Go ginearálta:

Tá monatóireacht rialta an chosáin laistigh den limistéar a bhainistíonn gach rannpháirtí riachtanach le cinntiú go bhfuil an bealach marcáilte go soiléir, saor ó bhacainní, creimeadh gníomhach agus chun cothabháil a phleanáil chomh maith.

Tá gá le riachtanas atá aitheanta agus léirithe go soiléir do na hábhair chosáin ar fad. Ba cheart go mbeidh sé mar chuspóir ag athsholáthar nó tógáil dromchlaí/troscáin riachtanais mharthanacha nach mbíonn mórán le déanamh leo a bhaint amach.

D'fhéadfaí na tascanna seo a leanas a thabhairt isteach sna pleananna oibre do na feirmeoirí/úinéirí talún aonair atá ag glacadh páirte sa scéim.

1. Riarachán agus Iniúchadh Ginearálta:

- ▶ Seiceáil mhíosúil na gcosán, le glanadh an bhruscair san áireamh de réir mar is gá
- ▶ Measúnú Tosaigh an tSuímh
- ▶ OAT atá i bhfochair nó ionadaí CFA ag iniúchadh an chosáin (de réir mar is gá)
- ▶ Ag dul i mbun plé leis an gcoiste cosáin áitiúla

Am Measta: Thart ar 20 uair an chloig in aghaidh na bliana

2. Marcáil bhealaigh & Troscán/Struchtúir Cosáin

- ▶ Cinntigh go bhfuil an mharcáil bhealaigh agus an chomharthaíocht ar fad soiléir, sábháilte, saor ó fhásra, ailínithe i gceart agus infheicthe; peinteáil / ceangail comharthaí le saigheada treo / deisigh / athsholáthar, de réir mar is gá.
- ▶ Cuir marcáil bhealaigh agus troscán nó structúir sa bhreis in airde, de réir mar a ordáíonn an tOAT/ionadaí CFA.
- ▶ Tuairiscigh fadhbanna cothabhála don tOAT/ionadaí CFA

3. Bainistíocht uisce ar chosáin:

- ▶ Seiceáil agus glan nó díbhlocáil draenacha a bhfuil smionagar bailithe nó ábhar eile iontu
- ▶ Tochail draenacha nua de réir mar is gá, i gcomhar leis an tOAT/ionadaí CFA agus de réir comhairle éiceolaíche.
- ▶ Déan miondeisiúcháin ar dhraenacha
- ▶ Coinnigh uisce ón gcosán trí chlocha cora / droichead portaigh srl. a chur isteach sna háiteanna ina bhfuil sé lách go leor nó báite, i gcomhair leis an tOAT/ionadaí CFA agus de réir comhairle éiceolaíche.

4. Rialú Fásrú ar Chosáin:

- ▶ Gearr siar fásrú atá ag cúngú timpeall marcóirí, dreapaí, droichid agus ar an gcosán le cinntiú go bhfuil leithead an chosáin 1 mhéadar ar a laghad.
- ▶ Níor cheart é seo a dhéanamh ach amháin nuair atá sé riachtanach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, agus nuair a aithnítear riachtainéis dlítiúla chun éin ghoir a chosaint.
- ▶ Cinntigh go bhfuil troscán, structúir agus comharthaíocht an chosáin saor ó fhásra.
- ▶ Déan cothabháil ar fhál sceach/prúnáil uair amháin/dhá uair in aghaidh na bliana (idir 1 Meán Fómhair agus 28 Feabhra).

5. Fálú

- ▶ Cinntigh nach mbagraíonn fál agus/nó ballaí, atá trasna nó in aice an chosáin, úsáideoirí cosáin.
- ▶ Cinntigh gur freastalaíodh ar thrasrianta mamaigh ag na suíomhanna cearta chun gluaiseacht gan bhac fiadhúlra a cheadú (lorg comhairle éiceolaíoch chuí).
- ▶ Cinntigh go bhfuil sreang dheilgneach agus leictreach, atá in aice dreapaí nó áiteanna pasála eile, clúdaithe i bhfeadáin chosanta.
- ▶ Cinntigh go n-osclaíonn agus go ndúnann geataí go furasta, deisigh/athsholáthar de réir mar is gá.
- ▶ Cuir comharthaíocht a bhfuil rabhadh agus eolas uirthi faoi bheostoc/feirmeoireacht in airde chomh maith le fál sealadach sna háiteanna ina bhfuil sé ag teastáil.

6. Oibreacha Cothabhála Dromchla:

- ▶ Deisigh miondamáiste dromchla de réir mar is gá
- ▶ Athdhromchlaigh go tréimshiúil, ag brath ar an gcineál dromchla
- ▶ Glan ábhair scaoilte agus smionagar ón gcósán
- ▶ Leag clocha cora nó droichid phortaigh (le trasnáin, mar shampla) thar áiteanna fliucha. D'fhéadfadh go mbeadh comhairle éiceolaíoch chuí ag teastáil sula gcuirfí tús le hobair dá leithéid, áfach, in áiteanna ina bhfuil gnáthóga bogaigh leochaileacha éiceolaíocha ann agus i gcásanna áirithe, tá cead pleanála ag teastáil.
- ▶ Athphacáil obair chloiche scaoilte sna háiteanna ina bhfuil sí socraithe nó imithe
- ▶ Athphacáil dromchlaí atá imithe nó caite nó dlús taobh thiar de dhraenacha srl.
- ▶ Athchur scaith nó blocáil aicearraí nó úsáid easchosáin.
- ▶ Clocha cora

7. Tascanna Cothabhála Féideartha Eile:

- ▶ D'fhéadfadh go mbeadh oibreacha cothabhála eile a d'fhéadfadh an t-úinéir talún nó an CFA a aithint.



Baile Uí Bheacháin, Co. An Chláir

Aguisín 2

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla ag riar Scéim na Siúlóidí (Meán Fómhair 2023)

1. Forbairt Bhealach Eabhra CTR
2. Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin
3. Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir Theoranta
4. Comhar na nOileán Teoranta
5. Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Chainnigh Teoranta
6. Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Chontae Shligigh Teoranta
7. Co. Comhpháirtíocht Phobail Chontae Chill Mhantáin
8. Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall Teoranta
9. Fóram Chonamara Teoranta
10. IRD Dhúiche Ealla Teoranta
11. Cuideachta Forbartha Pobail agus Fiontraíochta Laoise Teoranta
12. Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma Teoranta
13. Comhpháirtíocht LEADER Lú
14. Forbairt Chiarraí Thoir & Thiar
15. Cuideachta Forbartha Comhtháite Ros Comáin Teoranta
16. Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas Teoranta
17. Comhlacht Forbairt Thiobraid Árann Theas Teoranta
18. Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo
19. Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge CTR
20. Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí Teoranta

